# Modúl Idirbhliana “Bunchúrsa Cánach” na gCoimisinéirí Ioncaim

## Nótaí Múinteora





An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# Réamhrá

Cuireadh ‘Bunchúrsa Cánach’ na gCoimisinéirí Ioncaim le chéile chun léargas a thabhairt do scoláirí ar na príomhchánacha a bhféadfadh siad teacht orthu le linn a saol pearsanta agus ina gcuid oibre araon. Chun cabhrú le scoláirí déanamh réidh don saol oibre, tá béim ar leith curtha ar chánacha a bhaineann le fostaíocht sna haonaid foghlama.

| | Teideal | Príomhábhair |
|---|---|---|
| Aonad 1 | Achoimre ar Chánacha | Céard is cáin ann, an fáth a bhfuil gá le cánacha |
| Aonad 2 | Conas a Dhéantar Cánacha | Léargas ar chánacha díreacha/ indíreacha, polasaí cánach agus próiseas reachtaíochta |
| Aonad 3 | Cáin Ioncaim d’Fhostaithe | Ríomh bunúsach d’fhostaí ÍMAT, chun duillín pá a léamh |
| Aonad 4 | MSU agus ÁSPC d’Fhostaithe | Ríomhanna bunúsacha MSU & ÁSPC |
| Aonad 5 | moChúrsaí | Réamhrá ar moChúrsaí |
| Aonad 6 | Cáin Ioncaim agus CBL | Buneolas ar rialacha agus oibleagáidí a bhaineann le Cáin Ioncaim & CBL |
| Aonad 7 | Custaim | Achoimre ghinearálta ar rialacha Custaim agus ar obair ár bhfoirne Custaim |
| Aonad 8 | Scáthgheilleagar, Comhlíontacht agus an Biúró um Shócmhainní Coiriúla (CAB) | Achoimre dár ngníomhaíochtaí comhlíontachta agus ar obair CAB |

# Spriocanna Foghlama

- Aithin réimse cánacha coitianta agus mínigh cén uair a d’fhéadfadh siad teacht chun cinn.
- Cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtugtar cánacha isteach i ndlí na hÉireann.
- Déan meas ar an ról atá ag cánacha inár sochaí.
- Déan idirdhealú idir an córas cánach ÍMAT agus an córas féinmheasúnaithe.
- Déan suimiú ar chánacha bunúsacha fostaíochta.
- Réitigh fadhbanna a bhaineann le gnáthchásanna cánach ag úsáid an seirbhíse moChúrsaí, de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.
- Déan comparáid idir na difríochtaí a bhaineann le hearraí a ordú ó laistigh nó lasmuigh den Aontas Eorpach.
- Mínigh an scáthgheilleagar agus déan plé ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí scáthgheilleagair ar dhaoine aonair, ar ghnólachtaí agus ar gheilleagar na hÉireann.

# Ábhair Acmhainne

Ábhair saor in aisce atá ar fáil le híoslódáil ó [https://revenue.ie/ga/tax-education/ty-module/index.aspx](https://revenue.ie/ga/tax-education/ty-module/index.aspx)

- cur i láthair PowerPoint.
- pleananna ceachta.
- bileog(a) oibre le haghaidh gníomhaíocht scoláirí
- leabhráin na bhfreagraí.
- Ábhar tacaíochta breise.
- ceistneoirí atá le déanamh roimh an mhodúl agus ina dhiaidh.

Bheadh nasc idirlín ina bhuntáiste ach níl sé riachtanach. I gcás nach bhfuil nasc idirlíon ar fáil, cuirtear cleachtaí eile ar fáil, ach amháin i gcás roinnt ábhair bhreise in Aonad 5.

Tá 6 chás foghlama breise ar PDFanna idirghníomhacha in Aonad 5, agus is fearr iad a scaipeadh go leictreonach.

# Conas an Modúl Seo a Dhéanamh

Achoimre ar an bplean ceachta agus ar na hábhair sula gcuirtear aonaid i gcrích.

- Níl an fad céanna i ngach aonad, glacfaidh siad suas le 2 uair an chloig an ceann.
- Aonaid atá curtha le chéile chun freastal ar riachtanais agus ar phointí spéise na scoláirí:
  - Is féidir na haonaid a dhéanamh pé ord a roghnaítear
  - Féadtar cloí leis an ord ina bhfuil na haonaid, nó an t-ord a athrú mar a oireann do na scoláirí.
  - Cuir roinnt nó gach cleachtadh sna haonaid i gcrích.
- Mar chabhair, is féidir dul tríd sa rang, nó sa bhaile ag brath ar acmhainní teoranta nó cúrsaí ama.

# Féinmheasúnú

- Líon isteach an dialann foghlama do gach aonad chun taifead a dhéanamh ar na rudaí a foghlaimíodh, chomh maith le nithe a bhí suimiúil, agus dúshlánach.

## Teastas Críochnaithe

Chun Deimhniú Críochnaithe a iarraidh, seol ríomhphost go dtí taxeducation@revenue.ie le d’ainm agus d’uimhir rolla scoile

## Eochair

Úsáidtear na siombailí thíos i rith an mhodúil chun an méid seo a leanas a léiriú:

- **Torthaí Foghlama**
- **Spriocanna Foghlama**
- **Fad ama**
- **Naisc**
- **Nasc Tuisceana**
- **Naisc Uimhearthachta**
- **Naisc Traschuraclaim**
- **Scileanna Idirbhliana**
- **Achmhainní**

## Ceisteanna

Má tá aon cheist agat, déan teagmháil le taxeducation@revenue.ie